Téipscript

Topaic: **An Páiste**

Fothopaic: **Pearsantachtaí na bpáistí**

Cainteoir: **Dara Ó Cinnéide**

Tá ceathrar leanaí agam…aois naoi ar dtús – naoi mbliana d'aois anuas go dtí trí bliana d'aois. An té is sine acu tá sí i Rang 3 agus is duine ciúin í, is duine macánta í, agus is duine staidéartha í. An tarna duine, tá pearsantacht saghas neamhspleách aici, bíonn sí ag taibhreamh ana-minic i rith an lae agus is maith léi a bheith ag gabháil do chúrsaí ealaíne. An tríú duine ansin, tá sí sé bliana d'aois agus tá sí sna naíonáin mhóra agus tá sí sin gealgháireach, an-oscailte, bíonn sí i gcónaí ag gáirí agus dea-ghiúmar i gcónaí uirthi. Agus an ceathrú duine ansin, níl sí ach tosaithe sa naíonra agus tá sí trí bliana d'aois. Tá a pearsantacht féin aici agus tá sé á fhorbairt faoi láthair, is dócha. Ach tá sí ana-chosúil leis an té is sine acu go dtí – ciúin go dtí seo agus deacair gáire a bhaint aisti uaireanta ach mar sin féin ní thugann sí mórán trioblóide dúinn.

Nótaí:

Tabhair faoi deara na nithe seo:

- 'An tarna duine' a deirtear i gcanúint na Mumhan i gcomhair 'an dara duine'.
- 'Gáirí' an leagan Muimhneach de 'gáire'.
- An focal 'taibhreamh' – focal eile ar 'brionglóid' é seo.
- Tá an bhrí 'ciúin' ag an bhfocal 'macánta' i gcanúint na Mumhan – seachas an bhrí 'ionraic'.